Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2010

# Stair

Páipéar 2
Ardsraith

**[G4604]**

G4604

**DÉ CÉADAOIN 9 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair **dhá** cheist.
Freagair Roinn A agus ceist **amháin** as Roinn B. Tá rogha agat i Roinn B.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i Roinn B.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Leabhrán Áiseanna a thagraíonn do cheist 1 ag dul leis an pháipéar seo.

5526.05

**Do cheist 1 déan tagairt don ábhar foinse sa Leabhrán Áiseanna.**

## Roinn A

**1 An caidreamh idir Cúba, SAM agus an APSS, 1959–1962.**

**(a)** Déan staidéar ar **Foinse A**.

Cad é a chuireann **Foinse A** in iúl dúinn faoi na fáthanna ar athraigh an caidreamh idir Cúba agus SAM i ndiaidh do Castro teacht i gcumhacht? [4]

**(b)** Déan staidéar ar **Foinsí B** agus **C**.

Cad é mar a thacaíonn **Foinse C** le ráiteas Khrushchev in **Foinse B** gurb é "go mairfeadh an cumannachas i gCúba" a bhí taobh thiar dá ghníomhartha i gCúba? [6]

**(c)** Is é atá in **Foinse D** grianghraf de Castro agus Khrushchev i Moscó i ndiaidh Ghéarchéim Diúracán Chúba.

Cá hiontaofa agus cá húsáidí atá **Foinse D** do staraí atá ag déanamh staidéir ar an chaidreamh idir Cúba, SAM agus an APSS idir 1959 agus 1962? [8]

**(d)** In **Foinse C** luann an t-údar "Chomh maith le cuidiú le Castro fanacht i gcumhacht, shocraigh Khrushchev go n-úsáidfeadh sé Cúba ar mhaithe leis an APSS."

**Foinsí A**, **B** agus **C** agus **do chuid eolais féin** in úsáid agat, mínigh cé acu atá an ráiteas seo ina léirmhíniú cothrom ar na fáthanna ar athraigh an caidreamh idir Cúba, SAM agus APSS ó 1959 go 1962 nó nach bhfuil. [12]

## Roinn B

Freagair ceist **amháin** as an roinn seo.

Freagair an **dá** chuid den cheist.

**2 An Cogadh Fuar san Eoraip idir 1945 agus 1968 is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Mínigh cén dóigh agus cad chuige a raibh an teannas sa chaidreamh idir SAM agus APSS ag méadú idir 1945 agus 1949 mar gheall ar an Ghearmáin. [18]

**(b)** Cén dóigh a ndeachaigh APSS i ngleic leis na dúshláin a tugadh ar a smacht ar Oirthear na hEorpa idir 1956 agus 1968? [12]

**3 Cogadh na Cóiré is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Mínigh cén dóigh agus cad chuige a ndeachaigh SAM agus an tSín isteach i gCogadh na Cóiré idir 1950 agus 1953. [18]

**(b)** Cad é a ghnóthaigh agus cad é a chaill SAM agus an tSín mar gheall ar an bhaint a bhí acu le Cogadh na Cóiré faoi 1953? [12]

**4 Cogadh Vítneam is ábhar don cheist seo.**

**(a)** Mínigh cén dóigh agus cad chuige ar mhéadaigh SAM ar an bhaint a bhí aige i Vítneam idir 1954 agus 1967. [18]

**(b)** Cad é mar a d’athraigh an bhaint a bhí ag SAM i gCogadh Vítneam idir 1968 agus 1975? [12]